TATHUILE PLEAN CEANTAR FEIDHME

1.0 COMHTÉACS

1.1 Suíomh

Sráidbhaile an-beag is ea Tathuile is é suite ag crosbhóthar ar an N70 ar Leithinis Uíbh Ráthaigh is ar thuras turasóireachta An Mhor-Cuaird. Tá Tathuile thart ar 6cm soir ón tSnaidhm.



Fíor 1.1 Láthair lonnaíocht Tathuile

1.2 Daonra

Níl figiúirí ar fáil sa daonáireamh is déanaí do lonnaíocht Tathuile. Tá sí laistigh de Thoghcheantar Tathuile. Idir 2006 agus 2011 tháinig méadú suntasach ar dhaonra an Toghcheantair ó 193 go 209 duine, sin méadú 8.3%.

1.3 Feidhm & Áiseanna

Is beag áis atá ar fáil i dTathuile is gan ann ach séipéal ag an gcrosbhóthar agus scoil ó thuaidh uaidh sin. Cé go bhfuil an sráidbhaile ar thuras turasóireachta An Mhór-Chuaird ní dhéantar aon mhoill ann ar an slí. Níl aon siopa ná gnó miondíola ar an láthair seo.

1.4 Bonneagar

Níl aon fhearas cóireála fuíolluisce sa tsráidbhaile ná níl sé i gceist a leithéid a thabhairt isteach go ceann tréimhse an phlean. Dabhca múnlaigh agus aonaid chóireála fuíolluisce aonair a fhreastalaíonn ar thithe cónaithe sa cheantar.

1.5 Struchtúr Uirbeach

Tá an lonnaíocht Tathuile suite timpeall ar chrosbhóthar. Tá an Séipéal Caitliceach ó dheas ón gcrosbhóthar.

1.6 Oidhreacht Ailtireachta & Seandálaíocht

Is é Séipéal Caitliceach Tathuile (Tag 2131001) an t-aon struchtúr cosanta sa tsráidbhaile. Tógadh í thiar sa bhliain 1775 ach is fothrach atá anois ann.

1.7 Timpeallacht nádúrtha agus Conláistí

Tá an lonnaíocht an-ghar don chósta i measc limistéir choillteacha, rud a chruthaíonn suíomh ardchaighdeáin nádúrtha. Snoíonn Abhainn Tathuile ó dheas trín lonnaíocht agus faightear ceantair chonláistí idir príomha agus tánaisteach sa dúthaigh máguaird. Tá radhairc fhairsinge bhreátha feadh an N70 soir ón gcrosbhóthar. Limistéar Caomhnaithe Speisialta (SAC) is ea an cósta síos ó dheas ó Tháthuile.



Fíor 1.2 Ceantair chonláistí, radhairc fhairsinge agus SAC a ainmníodh i bPlean Forbartha Chiarraí 2009-15.

1.10 Forbairt Áitreabh Cónaithe

Níl aon fhorbairt chónaithe i lonnaíocht Tathuile. Tá scata tithe cónaithe aonair is iad scaipthe anso is ansiúd i gceantar leathan Tathuile. Caithfear thar aon rud eile freastal ar riachtanais tithíochta muintir na háite de réir na bpolasaithe is na gcuspóirí a leagtar síos i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015.

2.0 STRAITÉIS FHORBRAÍOCHTA

Nód an-bheag forbraíochta faoin dtuath is ea Tathuile is é suite ar chrosbhóthar. Tá sé suite ar an N70 mar a bhfuil an t-uasluasteorainn i réim. Is beag áis/seirbhís atá ann agus seachas tithe cónaithe faoin dtuath ní raibh éileamh ar fhorbairt go dtí seo sa cheantar. Níl aon fhearas cóireála fuíolluisce ná níl sé i gceist a leithéid a chur isteach go ceann tréimhse an phlean. Tá sé mar straitéis againn dá bhrí sin tithe buanchónaithe a thagann leis an bpatrún lonnaíochta atá cheana féin ann a chur chun cinn. Niltear ag smaoineamh ar lárionad mar a mbeadh an dreach níos dlúithe a fhorbairt sa tsráidbhaile.

3.0 MÓRCHUSPÓIRÍ

Cuspóir Uimh.	**Mórhchuspóirí** **Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:**
OO-1	Go mbeidh aon fhorbairt sa cheantar amach anseo ar scála beag is nach mbeidh i gceist ach áitribh aonair nó cloigíní ar dhlús íseal, iad lonnaithe ar na crosbhóithre beaga agus go mbeidh aonaid chóireála aonair/dabhca múnlaigh acu.
OO-2	Forbairt áiseanna teagmhasacha mar ghnóthaí miondíola a spreagadh ar na crosbhóithre beaga.
OO-3	Go ndearfar aon fhorbairt nua ar chaighdeáin den scoth ionas go luífidh sí isteach go nadúrtha leis an dtírdhreach.
OO-4	A chinntiú go ndéanfar Measúnú Oiriúnach ar aon fhorbairt ó dheas ón N70 a bheidh laistigh de Cheantar Caomhnaithe Speisialta (SAC).

4.0 CUSPÓIRÍ CINNTE

Cuspóir Uimh.	**Timpeallacht Nádúrtha** **Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:**
NE-1	Go mbeidh aon athrú fisiciúil ar leaba nó ar bhruach Abhann Tathuile faoi réir cead ó Iascaigh Intíre agus ón OPW.
NE-2	Na radhairc fhairsinge cosanta, limistéir chonláistí agus struchtúir chosanta a ainmnítear i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015 a choimeád.